Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh

Tuairisc Bhliantúil 2009

Tuarascáil an Phríomh-Oifigigh Achomhairc ar ghníomhaíochtaí an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh i 2009

Éamon Ó Cuív T.D.
Aire Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Baile Átha Cliath 1

Meitheamh 2010

A Aire,

De réir fhorálacha alt 308 (1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005, cuirim faoi do bhráid leis seo tuarascáil ar imeachtaí na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

Is mise, le meas,

Geraldine Gleeson

Geraldine Gleeson
An Príomh-Ofigeach Achomharc

Clár

Réamhfhocal 1

Treochtaí Staitistiúla 2

Cruinnithe agus Comhairliú 9

Cúrsaí Eagraíochtúla agus Oibriúcháin 10

Cás-Staidéir 11

Aguisín 1 – Cairt na hEagraíochta 18

An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2

Teileafhón: Íosghlaoi 1890 74 74 34
Faics: (01) 671 8391
Ríomhphost: swappeals@welfare.ie
www.socialwelfareappeals.ie

PRN A10/0464
ISSN 1649-7309

RÉAMHRÁ

Tháinig mé i mbun oifige in Eanáir 2010 agus is neamhghnách an cúram é a bheith ag tuairisciú ar bhliain ina raibh mo réamhtheachtaí, Brian Flynn, Uasal, ar scor ar an lá deireanach de 2009. D'aistrigh Vincent Long, Uasal, an Leas-Phríomhoifigeach Achomhairc, go dtí rannóg eile den Roinn níos luaithe sa bhliain. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Brian agus Vincent araon as an méid a rinne siad ar son na heagraíochta sa bhliain 2009 agus i mblianta eile roimhe sin.

Bhí leanúnachas ann nuair a tháinig Dan Kavanagh go dtí a phost reatha mar Leas-Phríomhoifigeach Achomhairc i mí Feabhra 2009.

Bliain fíor-dheacair don Oifig ab ea 2009. Cláraíodh 25,963 achomharc sa bhliain 2009, rud ab ionann agus méadú 46% ar 2008.

De reir mar a tháinig meadú suntasach ar líon na n-achomharc, agus ar imeacht chuid d'fhoireann bunaithe na nOifigeach Achomhaircar scor, chuir sé sin dúshláin ábhalmhóra faoin Oifig, faoin fhoireann riaracháin agus faoi na hOifigigh Achomhairc. Bhí líon na n-achomharc a tugadh chun críche 13 faoin gcéad níos airde ná sa bhliain 2008 (17,787 sa bhliain 2009 i gcomórtas le 15,724 sa bhliain 2008) agus tá buíochas ag dul don uile dhuine a bhí bainteach leo.

Ag deireadh na bliana 2009 bhí 16,008 achomharc ar láimh againn. Dúshlán ab ea é sin anuraidh agus dúshlán a bheidh ann arís i mbliana mar gheall ar an lear mór achomharc atá á gclárú san oifig an t-am ar fad.

Níl aon amhras ach gurb é seo an dúshlán is mó a cuireadh faoin Oifig seo riamh.

An rud is tábhachtaí ná amanna feithimh a laghdú dár gcustaiméirí. Seo í tosaíocht na hOifige don bhliain 2010. Ceapadh beirt Oifigeach Achomhairc breise sa bhliain 2009 agus ceapadh oifigigh nua in áit cúigear oifigeach a chuaigh ar scor. Lena chois sin, ní mór dúinn an córas a dhéanamh níos éifeachtaí trí achomhairc a chinneadh i dtréimhsí níos giorra. Is é ár gcuspóir ná é sin a bhaint amach ar shlí nach mbainfidh an bonn ó chothroime ná ó cheart chun dlí achomharcóirí ná ó chomhlíonadh riachtanais an cheartais nádúrtha.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na hOifigigh Achomhairc ar fad agus leis an bhfoireann riaracháin as a dtiomantas agus as a ndíograis i dtimpeallacht oibre an-dian.

Geraldine Gleeson

Stiúrthóir agus Príomh-Oifigeach Achomhairc

Meitheamh 2010

Treochtaí Staitistiúla – 2009

Tá na príomhshonraí staitistiúla don bhliain 2009 leagtha amach i bhfoirm tráchtaireachta thíos agus sa "Cairt Sreabha Oibre" agus sna táblaí ina dhiaidh sin.

Achomhairc a Fuarthas sa bhliain 2009

Chláraíomar 25,963 achomharc sa bhliain 2009 ar mhéadú é de 46% ar 2008. Ba é seo an líon ba mhó achomharc a fuarthas riamh. Mhéadaigh achomhairc de 27% ar 2007. Ba é 15,000 meánlíon na n-achomharc a fuarthas i m'Oifig gach bliain ó bunaíodh í sa bhliain 1992 amach go dtí an bhliain 2007. Gheofar tuiscint níos fearr ar dhearbhmhéid na n-achomharc a fuarthas sa bhliain 2009 ach féachaint air sa chomhthéacs sin.

Soiléirithe sa bhliain 2009

Le cois 25,963 achomharc a chlárú, fuaireamar chomh maith 2,657 achomharc eile mar ar dhealraigh sé dúinn go m'fhéidir nár thuig an t-achomharcóir go hiomlán an chúis leis an gcinneadh diúltach. Sna cúinsí sin, atreoraíodh an litir achomhairc chuig an rannóg scéime den Roinne lena mbaineann ag iarraidh go soiléireofaí an chúis don achomharcóir. Chuireamar é sin in iúl don achomharcóir agus dúirt leo má bhí siad fós míshásta leis an gcinneadh tar éis shoiléiriú na Roinne a fháil, go bhféadfaidís é a achomharc i gcónaí go dtí m'Oifig. I gcaitheamh 2009, níor cláraíodh mar achomhairc ina dhiaidh sin ach 422 (16%) de chásanna a aithníodh i dtús báire mar chásanna mar a raibh soiléiriú de dhíth. Meastar gur slí an-phraiticiúil í sin chun déileáil le hachomhairc mar sin chun nach n-agrófar an próiseas iomlán achomhairc gan chúis.

Cineálacha Achomhairc sa bhliain 2009

Mhéadaigh líon na n-achomharc maidir le héileamh ar íocaíochtaí dífhostaíochta arís sa bhliain 2009. Is léir an méadú go háirithe in éilimh ar íocaíochtaí dífhostaíochta ina raibh acmhainn ina chnámh spairne, a mhéadaigh de 90% ar 2008. Bhí méadú de 110% tagtha cheana féin ar achomhairc i dtaobh acmhainn dífhostaíochta sa bhliain 2008 i gcomórtas le 2007. Arís, an cúis is dóchúla leis seo ná gur bhain formhór an mhéadaithe sin le hoibrithe foirgníochta féinfhostaithe.

Tháinig méadú suntasach chomh maith ar achomhairc in aghaidh dícheadú sochar breoiteachta agus liúntas míchumais, de 38% agis de 33%, faoi seach, ar 2008. Mhéadaigh achomhairc maidir le héilimh ar liúntas forlíontach leasa chomh maith de 80% sa bhliain 2009 i gcomórtas le 2008.

Léirigh achomhairc maidir le héilimh ar shochar linbh méadú suntasach chomh maith sa bhliain 2009; méadú de 97% ar 2008 cé nach líon mór éileamh a bhí i gceist; méadú ó 689 sa bhliain 2008 go 1,361 sa bhliain 2009. Mhéadaigh achomhairc maidir le liúntas cúramóra agus sochar cúramóra de 90% ó 1,901 sa bhliain 2008 go 2,098 sa bhliain 2009.

Riar cásanna don bhliain 2009

Áiríodh riar cásanna de 33,795 don bhliain 2009 tar éis na 25,963 achomharc a fuarthas a shuimiú leis an 7,832 achomharc a bhí ar láimh ag tús na bliana. Bhí riar iomlán na gcásanna 43% níos airde ná riar cásanna 23,556 na bliana 2008.

Achomhairc a Tugadh Chun Críche sa bhliain 2009

Thugamar 17,787 achomharc chun críche sa bhliain 2009, ar mhéadu é sin de 13% ar 2008. Is mór an chreidiúint í sin nuair a chuirtear san áireamh gur chaill m'Oifig cúigear Oifigeach Achomhairc cleachta, a chuaigh ar scor i gcaitheamh na bliana. Seo a leanas miondealú ar na hachomhairc a tugadh chun críche:

- Oifigigh Achomhairc (56.4%): Tugadh 10,027 achomharc chun críche ag Oifigigh Achomhairc go hachomair nó i bhfoirm éisteachtaí ó bhéal (9,423 nó 59.9% sa bhliain 2008),
- Cinnte Athbhreithnithe (27.4%): Tugadh 4,873 achomharc chun críche mar thoradh ar chinntí athbhreithnithe a rinne oifigigh bhreithiúnachta sular atreoraíodh na hachomhairc chuig Oifigeach Achomhairc (4,236 nó 27% sa bhliain 2008), agus
- Aistarraingthe (16.2%): Aistarraingíodh 2,887 achomhar nó níor choimeád an t-achomharcóir leo ar chúis éigin eile (2,066 nó 13.2% sa bhliain 2008).

Torthaí ar Achomhairc sa bhliain 2009

Seo a leanas miondealú ar thorthaí na 17,787 achomharc a tugadh chun críche sa bhliain 2009:

- Fabhrach (48.2%): Bhí toradh fabhrach don achomharcóir ar 8,568 de na hachomhairc a tugadh chun críche sa mhéid is gur ceadaíodh iad go hiomlán nó go páirteach nó réitíodh iad le cinneadh athbhreithnithe ag oifigeach

breithiúnachta i bhfabhar an achomharcóra (47.8% sa bhliain 2008),

- Neamhfhabhrach (35.6%): Dícheadaíodh 6,332 de na hachomhairc, rud a chiallaigh toradh neamhfheabhrach don achomharcóir (39% sa bhliain 2008), agus
- Aistarraingthe (16.2%): Mar a léiríodh cheana, aistarraingíodh 2,887 de na hachomhairc a tugadh chun críche, nó níor choinnigh an t-achomharcóir leo ar chúis éigin eile (13.2% sa bhliain 2008).

Cinntí a rinne Oifigigh Achomhairc sa bhliain 2009

Seo a leanas miondealú staitistiúil ar thorthaí cinntí a rinne Oifigigh Achomhairc faoi threoir cibé ar réitíodh an t-achomharc go hachomair nó le héisteacht ó bhéal.

- Éisteachtaí ó Bhéal (59%): Réitíodh 5,914 den 10,027 achomharc a tugadh chun críche sa bhliain 2009 le héisteacht ó bhéal, a raibh toradh fabhrach ar 2,876 (48.6%) díobh. Sa bhliain 2008, bhí toradh fabhrach ar 45.4% as 59.4% de na hachomhairc a réitíodh le héisteacht ó bhéal.
- Cinntí Achomhair (41%): Réitíodh an fuílleach de 4,113 achomharc le cinneadh achomair a raibh toradh dearfach ar 819 (19.9%) díobh don achomharcóir. Sa bhliain 2008, bhí toradh dearfach ar 19.5% as 40.6% de na hachomhairc a réitíodh go achomair.

Tréimhsí Próiseála sa bhliain 2009

Ba é 24 seachtain (22 seachtain sa bhliain 2008) a thóg sé ar an meán sa bhliain 2009 gach achomharc a phróiseáil. Ach dá bhfágfaí an 25% de na cásanna is faide ar leabhair na hOifige as an áireamh, thitfeadh an meántréimhse go 15.8 seachtain (14.5 seachtain sa bhliain 2008).

Léiríonn an t-am a thógann sé chun achomhairc a thabhairt chun críche gach gné den phróiseas achomhairc, lena n-áirítear:

- aighneacht na Roinne maidir le forais an achomhairc a lorg,
- measúnachtaí eile liachta a dhéanann an Roinn i gcásanna áirithe a bhaineann le breoiteacht,
- deis a thabhairt don achomharcóir fianaise breise liachta a sholáthar nó freagra a thabhairt ar aon fhianaise liachta breise i gcás ina bhfuil toradh neamhfhabhrach ar mheasúnacht liachta eile a rinne an Roinn,
- imscrúdú breise ag cigirí leasa shóisialaigh nuair is gá agus
- an lóistíocht a ghabhann le héisteachtaí achomhairc ó bhéal a shocrú nuair is cuí.

D'fhéadfaí an meántréimhse iomlán de 24 seachtain a mhiondealú mar seo a leanas:

- 10.5 seachtain a chaitear ar ghníomh riachtanach nach mór a dhéanamh ar son na Roinne,
- 5 seachtaine a chaitear ag feitheamh ar fhreagraí ó achomharcóirí, agus
- 8.5 seachtain a chaitear ar obair agus ar phróisis leanúnacha i m'Oifig.

Achomhairc de réir Inscne sa bhliain 2009

Léirigh miondealú inscne ar na hachomhairc a fuarthas sa bhliain 2009 gur tháinig 48.4% díobh ó fhir agus 51.6% ó mhná. Ba é an miondealú comhfhreagrach don bhliain 2008 48% agus 52% faoi seach. Sa bhliain 2009, thairbhigh 47.3% d'fhir agus 59.8% de mhná de thorthaí fabhracha.


Cairt Sreafa Oibre - 2009
(2008 idir lúibíní)
Ar Láimh 1-1-2009
7,832
(5,723)
plus
Faighte
25,963
(17,833)
less
Críochnaithe
17,787
(15,724)
equals
Ar Láimh 1.1.2010
16,008
(7,832)
Treochtaí
Sochar Breoiteachta
Suas 38%
Liúntas Míchumais
Suas 33%
Liúntas do Lucht Cuardaigh
Fostaíochta - Acmhainní
Suas 90%
Liúntais do Chúramóirí
Suas 90%
Sochar Linbh
Suas 97%
Liúntais Leasa Forlíontaigh
Suas 80%
Cinntí Athbhreithnithe
4,873 (27.4%)
[4,235 (26.9%)]
Cinntí AO
10,027 (56.4%)
[9,423 (59.9%)]
Aistarraingthe
2,887 (16.2%)
[2,066 (13.2%)]
Éisteachtaí Bhéil
5,914 (59%)
[5,599 (59.4%)]
Achoimre
4,113 (41%)
[3,824 (40.6%)]
Fabhrach
2,876 (48.6%)
[2,544 (45.4%)]
Neamh-fhabhrach
3038 (51.4%)
[3,055 (54.6%)]
Fabhrach
819 (19.9%)
[744 (19.5%)]
Neamh-fhabhrach
3,294 (80.1%)
[3,080 (80.5%)]
Foriomlán Torthaí
17,787
(15,724)
=
Fabhrach
8,568 (48.2%)
[7,523 (47.8%)]
+
Neamh-fhabhrach
6,332 (35.6%)
[6,135 (39%)]
+
Aistarraingthe
2,887 (16.2%)
[2,066 (13.2%)]

Tábla 1. Achomhairc faighte agus tugtha chun críche - 2009

	Ag Dul ar Aghaidh 01-Ean-09	Fáltais	Cinneadh Déanta Oifigeach Achomharc	Cinneadh Athbhreithnithe Oifigeach Breithiúnach	Aistarraingthe	Ag Dul ar Aghaidh 31-Nol-09
Pinsean Stáit (neamh-ranníocach)	147	340	206	85	19	177
Pinsean Stáit (Tar-ghabháil)	12	22	16	4	5	9
Liúntais Réamhscoir	4	3	5	0	2	0
Pinsean Stáit (ranníocach)	47	88	43	22	8	62
Sochar Breoiteachta	1,404	4,948	952	1,605	1,374	2,421
Pinsean Easláine	317	642	380	82	23	474
Liúntas Míchumais	1,550	4,696	1,546	995	859	2,846
Sochair Ghortaithe Ceirde	258	396	332	38	28	256
Sochar Cóireála	8	10	9	2	1	6
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	448	1,354	724	289	97	692
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Íocaíochtaí	755	3,179	1,479	277	93	2,085
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Acmhainní	859	3,615	1,603	479	139	2,253
Íocaíochtaí Baintrí/Baintrí Fir agus Caomhnóirí	32	69	42	8	5	46
Íocaíocht Teaghlaigh Aon-Tuismitheora	388	810	446	202	78	472
Sochar Máithreachais	2	11	6	1	0	6
Sochar Linbh	573	1,361	272	204	38	1,420
Sochar agus Liúntais do Chúramóirí	618	2,098	862	388	53	1,413
Liúntas Cúraim Teaghlaigh	0	836	11	47	2	776
Cúram Faoisimh	119	262	139	53	4	185
Forlíonadh Ioncaim	51	170	89	54	5	73
Cúnamh Feirme/Iascaireachta	34	137	50	13	10	98
Liúntais Leasa Forlíontaigh	114	789	730	5	29	139
Gaolta faoi dhliteanas (ranníocaíochtaí)	15	25	13	2	3	22
Inárachaitheacht Fostaíochta	77	102	72	18	12	77
Iomláin	**7,832**	**25,963**	**10,027**	**4,873**	**2,887**	**16,008**

Tábla 2. Achomhairc faighte 2002 – 2009

	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Pinsean Stáit (neamh-ranníocach) agus Pinsin na nDall	433	376	328	339	413	347	287	340
Pinsean Stáit (Tar-ghabháil)	33	46	39	35	28	30	15	22
Liúntais Réamhscoir	28	24	21	23	21	11	10	3
Pinsean Stáit (ranníocach)	239	155	104	126	71	86	87	88
Sochar Breoiteachta	3,284	3,634	3,071	2,742	2,674	2,564	3,597	4,948
Pinsean Easláine	509	529	519	443	446	535	526	642
Liúntas Míchumais	1,832	2,257	2,252	2,392	2,622	2,938	3,522	4,696
Sochair Ghortaithe Ceirde	575	503	470	434	440	423	409	396
Sochar Cóireála	4	9	50	52	41	17	18	10
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	1,588	1,626	1,421	1,243	1,028	1,139	1,358	1,354
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Íocaíochtaí	1,983	1,874	1,956	2,274	2,375	2,296	2,401	3,179
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Acmhainní	1,511	1,167	907	843	848	903	1,901	3,615
Pinsin Baintrí/Baintrí Fir agus Pinsin Dilleachtaí	106	64	64	63	62	31	58	69
Íocaíocht Teaghlaigh Aon-Tuismitheora	840	1,348	1,271	1,034	931	701	774	810
Sochar Máithreachais	9	10	14	16	20	10	15	11
Sochar Linbh	46	41	324	357	236	269	689	1,361
Sochar agus Liúntais do Chúramóirí	1,376	812	598	586	630	736	1,102	2,098
Liúntas Cúraim Teaghlaigh	0	0	0	0	0	0	0	836
Cúram Faoisimh	0	0	0	206	361	457	319	262
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	72	43	47	57	65	92	142	170
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	134	127	107	114	71	66	61	137
Liúntais Leasa Forlíontaigh	289	433	370	327	329	323	437	789
Gaolta faoi dhliteanas (ranníocaíochtaí))	6	7	5	12	3	9	19	25
Inárachaitheacht Fostaíochta	120	139	145	79	85	87	86	102
Iomláin	**15,017**	**15,224**	**14,083**	**13,797**	**13,800**	**14,070**	**17,833**	**25,963**

Tábla 3: Toradh na n-achomharc de réir catagóire – 2009

	Ceadaithe	I bpáirt Ceadaithe	Athbhreithnithe ag DO Cinneadh	Dícheadaithe	Aistarraingthe	Iomlán
Pinsean Stáit (neamh-ranníocach) agus Pinsin na nDall	33 *11%*	21 *7%*	85 *27%*	152 *49%*	19 *6%*	310
Sochar Breoiteachta	433 *11.0%*	14 *0.4%*	1,605 *40.8%*	505 *12.8%*	1,374 *35.0%*	3,931
Pinsean Easláine	243 *50.1%*	1 *0.2%*	82 *16.9%*	136 *28.0%*	23 *4.7%*	485
Liúntas Míchumais	719 *21.1%*	43 *1.3%*	995 *29.3%*	784 *23.1%*	859 *25.3%*	3,400
Sochair Ghortaithe Ceirde	137 *34.4%*	32 *8.0%*	38 *9.5%*	163 *41.0%*	28 *7.0%*	398
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	169 *15.2%*	34 *3.1%*	289 *26.0%*	521 *46.9%*	97 *8.7%*	1,110
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta Íocaíochtaí	326 *17.6%*	39 *2.1%*	277 *15.0%*	1,114 *60.2%*	93 *5.0%*	1,849
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta Acmhainní	454 *20.4%*	191 *8.6%*	479 *21.6%*	958 *43.1%*	139 *6.3%*	2,221
Pinsin Baintrí/Baintrí Fir agus Íocaíocht do Chaomhnóirí	12 *21.8%*	1 *1.8%*	8 *14.5%*	29 *52.7%*	5 *9.1%*	55
Íocaíocht Teaghlaigh Aon- Tuismitheora	102 *14.0%*	20 *2.8%*	202 *27.8%*	324 *44.6%*	78 *10.7%*	726
Liúntais Chúramóirí	244 *18.7%*	48 *3.7%*	388 *29.8%*	570 *43.7%*	53 *4.1%*	1,303
Liúntas Cúraim Teaghlaigh	*6* *10.0%*	*0* *0.0%*	*47* *78.3%*	*5* *8.3%*	*2* *3.3%*	60
Cúram Faoisimh	38 *19.4%*	1 *0.5%*	53 *27.0%*	100 *51.0%*	4 *2.04%*	196
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	24 *16.2%*	- *0.0%*	54 *36.5%*	65 *43.9%*	5 *3.4%*	148
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	12 *16.4%*	8 *11.0%*	13 *17.8%*	30 *41.1%*	10 *13.7%*	73
Liúntais Leasa Forlíontaigh	157 *20.5%*	50 *6.5%*	5 *0.7%*	523 *68.5%*	29 *3.8%*	764
Inárachaitheacht Fostaíochta	18 *17.6%*	2 *2.0%*	18 *17.6%*	52 *51.0%*	12 *11.8%*	102
Achomhairc Eile [SP(C), Liúntais Réamh -scoir, Sochar Cóireála, srl.]	48 *7.3%*	15 *2.3%*	235 *35.8%*	301 *45.9%*	57 *8.7%*	656
Iomláin	**3,175** ***17.9%***	**520** ***2.9%***	**4,873** ***27.4%***	**6,332** ***35.6%***	**2,887** ***16.2%***	**17,787**

Tábla 4. Achomhairc ag dul ar aghaidh ag 31ú Nollaig 2009

	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Pinsean Stáit (neamh-ranníocach), Pinsean na nDall	212	139	138	149	195	143	147	177
Pinsean Stáit (Tar-ghabháil)	18	13	15	13	21	19	12	9
Liúntais Réamhscoir	4	5	10	13	8	5	4	0
Pinsean Stáit (ranníocach)	179	117	128	90	95	55	47	62
Sochar Breoiteachta	1,374	1,272	1,068	997	1,007	1,015	1,404	2,421
Pinsean Easláine	227	234	276	260	268	297	317	474
Liúntas Míchumais	857	802	803	1,040	1,127	1,311	1,550	2,846
Sochair Ghortaithe Ceirde	358	259	306	268	272	239	258	256
Sochar Cóireála	2	2	11	23	7	3	8	6
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	432	388	360	390	277	317	448	692
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Íocaíochtaí	541	318	468	668	576	681	755	2,085
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Acmhainní	405	268	290	347	322	382	859	2,253
Íocaíochtaí Baintrí/Baintrí Fir agus Caomhnóirí	62	29	31	41	31	14	32	46
Íocaíocht Teaghlaigh Aon-Tuismitheora	658	950	765	642	461	296	388	472
Sochar Máithreachais	6	4	4	8	9	4	2	6
Sochar Linbh	23	14	165	136	104	131	573	1,420
Sochar agus Liúntais do Chúramóirí	514	275	249	311	371	353	618	1,413
Liúntas Cúraim Teaghlaigh	0	0	0	0	0	0	0	776
Cúram Faoisimh	0	0	0	69	166	221	119	185
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	31	26	25	36	29	40	51	73
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	57	61	39	65	32	31	34	98
Liúntais Leasa Forlíontaigh	42	38	65	54	43	79	114	139
Gaolta faoi dhliteanas (ranníocaíochtaí)	28	6	6	10	2	2	15	22
Inárachaitheacht Fostaíochta	126	111	103	73	75	85	77	77
Iomláin	**6,156**	**5,331**	**5,325**	**5,703**	**5,498**	**5,723**	**7,832**	**16,008**

Cruinnithe agus Comhairliú

Oifig Chomhairleach na gCinntí

Eagraíodh cruinnithe rialta, uair sa mhí de ghnáth, le hOifig Chomhairleach na gCinntí le linn 2009 mar shlí chun aiseolas a sholáthar don Roinn, agus vice versa, maidir le ceisteanna a thagann chun solais i gcúrsa cásanna achomhairc. Mar a tharla i mblianta eile, pléadh raon leathan ceisteanna i gcaitheamh na bliana agus seo a leanas na príomhchinn:

- Measúnú acmhainne ó fhéinfhostaíocht agus luach caipitil réadmhaoine nach í an phríomháit chónaithe í i bhfianaise na gcúinsí eacnamaíochta atá i réim;
- Ceisteanna maidir le hoibriú na reachtaíochta a rialaíonn Coinníollacha Gnáthchónaithe;
- Siardhátú agus an rud atá i gceist le 'cúis mhaith'.
- An maistreadh a leanann dícheadú Liúntais Chuardaitheora Poist do dhuine, a dhéanann achomharc agus a fhaigheann Liúntas Forlíontach Leasa idir an dá linn, a ndícheadaítear Liúntas Cuardaitheora Poist dó/di arís ar achomharc agus a atosaíonn an próiseas le héileamh nua ar Liúntas Cuardaitheora Poist.

Is eol go maith d'Oifigigh Achomhairc go bhféadfaí cinntí dá gcuid a achomharc ar deireadh san Ard-Chúirt agus go bhféadfadh aon easnamh nó easpa ag an gcéim tosaigh den chinneadh sa Roinn an bonn a bhaint den phróiseas iomlán cinntí agus achomhairc.

Dá bhrí sin, ó thaobh m'Oifigse de, ceann de phríomhfheidhmeanna Oifig Chomhairleach na gCinntí ná oiliúint fhoirmeálta a chur ar oifigigh bhreithiúnachta agus ar ndóigh is é leas na hOifige é a chinntiú go ndírítear an oiliúint sin ar ár riachtanais féin. Chuige sin, chuir m'Oifig sé mhodúl achomhairc ar fáil do shé cinn de chúrsaí oiliúna a raibh 188 oifigeach breithiúnachta de chuid na Roinne páirteach iontu le linn 2009. Thug sin líon na gcúrsaí oiliúna agus na rannpháirtithe do na blianta 2006 – 2009 go 32 agus 816, faoi seach. Tá i gceist againn an leibhéal tiomantais sin i leith clár oiliúna Oifig Chomhairleach na gCinntí a choimeád feasta.

Oifigigh Achomhairc

Eagraíodh cruinnithe d'Oifigigh Achomhairc in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair 2009 ar aon dul le cúram reachtúil an Phríomh-Oifigigh Achomhairc cruinnithe dá leithéid a thionól chun críocha ceisteanna a bhaineann le comhlíonadh fheidhmeanna na nOifigeach Achomhairc a phlé agus leibhéal comhsheasmhachta a bhaint amach i gcur i ngníomh na bhforálachta reachtacha. Eagraíodh cruinnithe neamhfhoirmeálta eile i gcaitheamh na bliana chun ceisteanna a phlé de réir mar a tháinig siad chun cinn ó achomhairc ar leith agus chun reachtaíocht nua nó reachtaíocht leasaithe a bhreithniú chomh maith. Bhí na nithe seo a leanas ar na nithe ba shuntasaí a pléadh -

- Tabhairt isteach na scéime nua Liúntas Cúram Baile, lena n-áirítear cur i láthair ón bPríomh-Chomhairleoir Liachta agus ó fhoireann na rannóige Liúntas Cúram Baile.
- Athruithe ar an gcód leasa shóisialaigh mar thoradh ar athruithe a rinneadh le deireanas ar reachtaíocht Leasa Shóisialaigh.
- Measúnú réalaíoch ar luach caipitil réadmhaoine nach í an príomháit chónaithe í, i bhfianaise na ndeacrachtaí atá i réim san earnáil réadmhaoine.
- Measúnú cistí pinsin mar acmhainn, go háirithe nuair nach mbeidh fáil ar an gciste go dtí aois phinsin.
- Aiseolas chuig Oifig Chomhairleach na gCinntí maidir le measúnú acmhainn daoine a bhí féinfhostaithe roimhe seo. Measadh go raibh roinnt Oifigeach Breithiúnachta ag cloí go ródhocht leis na treoirlínte agus ag bunú réamh-mheastacháin acmhainne don bhliain romhainn ar thuilleamh ó na 'blianta rachmais'. Díríodh ar an gceist seo ina dhiaidh sin i mbileog a tugadh isteach le haghaidh Cigirí Leasa Shóisialaigh agus Oifigeach Breithiúnachta.

Cúrsaí Eagraíochtúla agus Oibríochtúla

Acmhainní Foirne

Bhí 64 ball foirne lánaimseartha ag obair i m'Oifig ag deireadh na bliana 2009 arb ionann é agus 56.5 post coibhéiseach lánaimseartha. Ba iad 62 agus 54.5, faoi seach, líon comhfhreagrach na foirne sa bhliain 2008.

Seo a leanas miondealú ar líon na foirne don bhliain 2009:

1 Phríomh-Oifigeach Achomhairc	1.0
1 Leas-Phríomhoifigeach Achomhairc	1.0
1 Bainisteoir Oifige	1.0
19 Oifigeach Achomhairc (3 ag jabroinnt)	18.4
3 Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin (1 ag jabroinnt)	2.8
10 nOifigeach Feidhmiúcháin (4 ag jabroinnt)	8.9
7 nOifigeach Foirne (4 ag jabroinnt)	5.0
22 Oifigeach Cléireachais (6 ag jabroinnt)	18.4
	56.5

Ba chailliúint í don Oifig sa bhliain 2009 cúigear Oifigeach Achomhairc cleachta a chuaigh ar scor.

Leagtar amach struchtúr na hOifige seo i gCairt na hEagraíochta ag Aguisín 1 leis an tuarascáil seo.

Ceisteanna Parlaiminte

I gcaitheamh 2009, cuireadh síos 744 Ceist Pharlaiminte (362 sa bhliain 2008) maidir le hobair na hOifige seo. Den líon sin, tugadh freagraí ar 356 cheist i nDáil Éireann agus aistarraingíodh an 388 eile nuair a míníodh don Teachta stádas reatha an cháis achomhairc ab ábhar don Cheist.

Comhfhreagras

Rinne ionadaithe poiblí 4,251 iarratas agus uiríoll ar son achomharcóirí sa bhliain 2009 (2,756 sa bhliain 2008).

Saoráil Faisnéise

Fuarthas 81 iarratas foirmeálta sa bhliain 2009 (66 sa bhliain 2008) faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Eolas pearsanta a bhí i gceist sna hiarratais seo ar fad.

Cás-Staidéir de Chinntí Áirithe a rinne Oifigigh Achomhairc

Gheofar sa chuid seo den tuarascáil rogha de chás-staidéir a sholéireoidh an próiseas cinnte achomharc, cibé acu le cinneadh achomair nó i ndiaidh éisteacht ó bhéal. Tugtar an bonn le cinneadh an Oifigigh Achomhairc i ngach cás mar aon le ceisteanna maidir le forálacha reatha reachtaíochta nó riachtanas an cheartais nádúrtha agus nósanna imeachta córa.

Tá rogha níos mó de chás-staidéir ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige.
www.socialwelfareappeals.ie

Liúntas Leasa Forlíontach (Forlíonadh Ús Morgáiste)

Ceapadh scéim an Fhorlíonta Ús Morgáiste chun tacaíocht ioncaim ghearrthéarmach a sholáthar i gcásanna nuair nach féidir le duine cion an úis a íocadh in athíocaíochtaí morgáiste maidir lena p(h)ríomháit chónaithe. I measc na gcoinníollacha cáilitheachta a chuirtear i bhfeidhm tá:

- rinneadh an comhaontú morgáiste nuair a bhí ar chumas an duine na haisíocaíochtaí a dhéanamh;
- meastar go bhfuil an t-ús morgáiste is iníoctha réasúnta ag féachaint do riachtanais chónaithe an duine, faoi threoir leibhéil an fhorlíonta cíosa a shonraítear sa reachtaíocht a úsáideann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte mar threoir, agus
- tá sé réasúnta forlíonadh a dheonú ag féachaint do mhéid aon riaráiste ar an iasacht.

Mhéadaigh líon na n-achomharc chuig an Oifig maidir le Liúntas Leasa Forlíontach de bhreis is 50% sa bhliain 2009 (ó 437 go 789) agus bhain mórán díobh sin leis an bhForlíonadh Ús Morgáiste. Ceisteanna deacra ab ea na ceisteanna a tarraingíodh anuas sna cásanna seo, agus bhain cuid díobh go díreach leis na cúinsí eacnamaíochta atá i réim. Gheofar blaiseadh de na cineálacha ceisteanna a bhí le réiteach sna céad cheithre chás seo a leanas.

1. Liúntas Leasa Forlíontach (Forlíonadh Ús Morgáiste)

An tSaincheist: Cinneadh a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun diúltú d'iarratas an achomharcóra ar Fhorlíonadh Ús Morgáiste ar na forais go sáraíonn an t-ús seachtainiúil is iníoctha méid a mheastar atá réasúnta chun freastal dá riachtanais.

An Cúlra: Thóg an t-achomharcóir amach morgáiste de €350,000 de réir ráta athraithigh i mí Lúnasa 2006 nuair a bhí sé fostaithe mar mhaor láithreáin ag cuideachta foirgníochta. Cheannaigh sé féin agus a bhean teach trí sheomra leapa. Bhí tuarastal de €85,000 aige ag an am agus bhí tuilleamh de €26,000 nó mar sin ag a bhean. Go déanach sa bhliain 2008, ligeadh chun siúil é agus níor oibrigh sé ó shin. D'éirigh a bhean tinn agus tá sí ag fáil Sochar Breoiteachta anois. Diúltaíodh dá éileamh ar Fhorlíonadh Ús Morgáiste, cinneadh ar sheas FSS leis ar achomharc.

Éisteacht ó bhéal: Tháinig an t-achomharcóir i láthair i bhfochair a mhná. Bhí an Príomh-Oifigeach Leasa Pobail i láthair thar ceann FSS, agus thug sé an cinneadh agus na cúiseanna ar cinneadh nach raibh an t-achomharcóir i dteideal Forlíonta Ús Morgáiste. Dúirt sé gur deimhníodh gurb é €387.00 sa tseachtain an t-ús is iníoctha ar an iasacht. Thagair sé don reachtaíocht (I.R. 412 de 2007) a shonraíonn na huasteorainneacha cíosa, nach n-íoctar forlíonadh cíosa os a gcionn. Dúirt sé go bhféachann FSS ar na teorainneacha seo mar léiriú ar an rud is leordhóthanach chun freastal do riachtanais aonair. Sa cheantar ina bhfuil cónaí ar an achomharcóir agus a bhean, is é €140 sa tseachtain an uasteora cíosa i gcás lánúine a bhfuil leanbh amháin acu. Dúirt sé chomh maith toisc go raibh an t-ús iníoctha os cionn na teora sin, measadh go raibh sé os cionn méid a bhí réasúnta chun freastal do riachtanais tithíochta an achomharcóra.

Dúirt an t-achomharcóir gur bhain sé úsáid as an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) ó chaill sé a phost chun a dheacrachtaí airgeadais a réiteach. Dúirt sé go raibh €400 sa mhí á íoc aige fad a bhí sé ag fáil Sochair Chuardaitheora Poist. Nuair a tháinig deireadh leis an íocaíocht sin, thairg sé

€140 sa mhí don chumann foirgníochta. Thug sé cuntas ar iasachtaí eile a bhí aige chomh maith agus nach raibh ar a chumas anois a aisíoc.

Thar ceann FSS, admhaíodh nach sainíonn forálacha na reachtaíochta méid a mheastar a bheith réasúnta chun freastal do riachtanais tithíochta duine. Ach glacadh leis gurb ionann na huasleibhéil chíosa agus tomhas réasúnta de na riachtanais sin.

An Breithniú: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire nach raibh aon fhoráil sa reachtaíocht a deir go gcaithfear na huasteorainneacha cíosa a úsáid chun an méid atá réasúnta a chinneadh chun críocha an Fhorlíonta Ús Morgáiste. Mheas sé gurb é cuspóir an fhorlíonta cabhrú le húinéir tí fanacht ina t(h)each féin i gcás ina dtiteann sé amach, nuair nach air/uirthi féin an locht, nach bhfuil ar a c(h)umas an morgáiste a athíoc toisc go bhfuil sé/sí breoite nó dífhostaithe. Mheas sé go mba chóir go mbeadh feidhm leis sin i gcás inar chuir an fhianaise i bhfios go raibh ar chumas an duine na haisíocaíochtaí a dhéanamh tráth ar tógadh amach an morgáiste agus gur gnó réasúnta a bhí i gceannach an tí agus i dtógáil amach an mhorgáiste i bhfianaise tosca agus ionchais an duine ag an am. Sa chás seo, thóg an t-achomharcóir an morgáiste amach nuair a bhí sé fostaithe agus nuair a bhí ar a chumas an morgáiste a aisíoc. Chiallaigh an cor chun donais i dtionscal na foirgníochta gur tharla athrú ó bhonn ar a staid. Ba í tuairim dheiridh an Oifigigh Achomhairc ná gur slí réasúnta iad na haisíocaíochtaí morgáiste sa chás seo chun freastal do riachtanais tithíochta.

An Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc.

2 Liúntas Leasa Forlíontach (Forlíonadh Ús Morgáiste)

An tSaincheist: Cinneadh a rinne FSS chun diúltú d'iarratas an achomharcóra ar fhorlíonadh ús morgáiste ar an gcúis nach raibh ar chumas an achomharcóra na haisíocaíochtaí a dhéanamh tráth a tógadh amach an iasacht.

Éisteacht ó bhéal: Tháinig an t-achomharcóir i láthair i bhfochair a máthar. Tháinig Oifigeach Achomhairc FSS i láthair, ar iarratas, agus thug an bonn leis an gcinneadh a bhí á achomharc. Dúirt sé gur bhain iarratas an achomharcóra ar Fhorlíonadh Ús Morgáiste i mí Eanáir 2008 le morgáiste a tógadh amach sa bhliain 2006 nuair nárbh eol aon ioncam eile a bheith aici seachas an Liúntas Míchumais agus obair seachtaine amháin. Dúirt sé gur morgáiste 'ceannaigh lena ligean ar cíos' a bhí san iasacht i gceist, agus bhí sé sásta nach raibh ar chumas an iarrthóra é a íoc tráth a tógadh amach é. Lena chois sin, dúirt sé go raibh méid an úis – €1,470 sa mhí – os cionn an mhéid ar foráladh dó sa reachtaíocht chun freastal dá riachtanais tithíochta – ba é €1,000 sa mhí an uasteora cíosa i gcás tuismitheora aonair a raibh leanbh amháin aici/aige.

Thuairiscigh an t-achomharcóir gur cheannaigh sí teach ar €360,000 i dtús báire ach bhí sé ró-bheag chun freastal dá riachtanais. Shocraigh sí é a dhíol ach chonaic teach eile sula raibh sé díolta. Chosain an dara teach €450,000 nó mar sin agus fuair sí morgáiste de €360,000. Níor fhéad sí an chéad teach a dhíol agus tá sé ligthe ar cíos anois agus clúdaíonn an cíos an morgáiste, nó geall leis.

Dúirt an t-achomharcóir gur éirigh léi an morgáiste a íoc idir 2006 agus 2008 le cabhair óna muintir, go háirithe a máthair. Chaill a mháthair a post ó shin, áfach. Luaigh an t-achomharcóir scaireanna agus coigilteas a chabhraigh léi an morgáiste a íoc sna míonna tosaigh. Dúirt sí go raibh an t-airgead sin caite anois, ag íoc as an dara réadmhaoine, den chuid is mó. Ghlac sí leis gur ceannaíodh an teach mar teach le ligean ar cíos ach nár ligeadh ar cíos riamh é ó tá sí ina cónaí ann ó cheannaigh sí é. Scrúdaíodh doiciméid ar an gcomhad i dtaobh na fianaise a tugadh mar gheall ar theacht isteach an achomharcóra nuair a bhí an t-iarratas morgáiste á dhéanamh. Dhealraigh sé go ndearna na doiciméid seo áibhéil maidir le teacht isteach an achomharcóra. Mhínigh an t-achomharcóir a húdair imní agus dúirt go raibh baol ann go gcaillfeadh sí a baile.

An Breithniú: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur thóg an t-achomharcóir amach morgáiste ús amháin 20 bliain de €360,000 nó geall leis ar an teach ina raibh cónaí uirthi sa bhliain 2006. Ag an uair sin, bhí morgáiste de €320,000 aici cheana ar réadmhaoin eile. Léirigh an t-achomharcoir gur morgáistí 'ceannaigh lena ligean ar cíos' a bhí sa dá cheann agus dá réir sin níor ghá di aon teacht isteach a bheith aici. Thug an

tOifigeach Achomhairc faoi deara, más ea, go raibh sé ráite ar an bhfoirm iarratais morgáiste go raibh buntuarastal comhlán de €35,000 aici. Lena chois sin, measadh go raibh €16,800 de theacht isteach comhlán aici ó chíos bliantúil bíodh is go ndealraíonn sé go raibh an glanteacht isteach ó chíos i bhfad níos lú ná sin. Mheas sé gur léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nár theacht isteach réalaíoch an teacht isteach a dearbhaíodh nuair a rinneadh an t-iarratas morgáiste agus anuas air sin ní raibh ar chumas an iarrthóra morgáiste a aisíoc maidir lena príomháit chónaithe bunaithe ar an teacht isteach a bhí aici, de réir dealraimh, i mí an Mhárta 2006. Sna tosca ar fad, ba é a thuairim nach raibh ar chumas an achomharcóra an morgáiste a thóg sí amach i mí an Mhárta 2006 a aisioc, nuair a bhain an morgáiste lena príomháit chónaithe.

An Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc.

3 Liúntas Leasa Forlíontach (Forlíonadh Ús Morgáiste)

An tSaincheist: Cinneadh a rinne FSS diúltú d'iarratas an achomharcóra ar Fhorlíonadh Ús Morgáiste ar an gcúis go sáraíonn méid an úis is iníoctha méid a mheastar a bheith réasúnta chun freastal dá riachtanais chónaithe agus riachtanais eile agus gur shínigh sé comhaontú morgáiste nuair nach raibh ar a chumas na haisíocaíochtaí iasachta a dhéanamh.

Éisteacht ó bhéal: Tháinig an t-achomharcóir i láthair ina aonar. Bhí an Príomh-Oifigeach Leasa Pobail i láthair thar ceann FSS, mar a iarradh, agus thug sé srac-chuntas ar an mbonn leis an gcinneadh faoi achomharc.

Thuairiscigh an t-achomharcóir go raibh morgáiste de €210,000 faighte aige ó iasachtaí fo-phríomha i mí Dheireadh Fómhair 2007. Deonaíodh an morgáiste seo ar bhonn fianaise dhoiciméadach a bhí curtha ar aghaidh aige maidir leis an mbliain 2006 (a P60) a thaispeáin tuilleamh de €47,000 nó mar sin. Baineadh úsáid as an tsuim a fuarthas ar iasacht chun morgáiste de €150,000 a bhí aige cheana féin ó iasachtóir eile agus iasacht bainc pearsanta de €20,000 a ghlanadh. Bhí i gceist aige a theach nuathógtha a chríochnú agus fuair €40,000 ar iasacht chuige sin.

Dúirt an t-achomharcóir go raibh sé ag obair ar son cuideachta a bhain le cara leis, sa bhliain 2006. Chuaigh sé ag obair do chuideachta eile idir Lúnasa 2007 agus Aibreán 2008. Thuill sé €10,748 sna ceithre mhí de 2008, de réir cóip den P45 ar comhad.

Thuairiscigh an t-achomharcóir go raibh a theach féin á thógáil aige sna blianta 2006 agus 2007. Scoir sé dá phost i dtreo dheireadh na bliana 2008 chun aire a thabhairt dá thuismitheoirí, a bhí tinn ag an am. Dúirt sé gur leanbh aonair a bhí ann agus go raibh iarratas déanta aige ar Liúntas Cúramóra. Dúirt sé go raibh aisíocaíochtaí úis amháin de €300 sa mhí á dhéanamh aige, rud a bhí ar a chumas ó dhíol sé cuid dá mhaoin agus le cabhair coigilteas dá chuid, a bhí ídithe anois.

An Breithniú: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire go raibh taifead oibre an achomharcóra doiléir agus nár éirigh leis dátaí ar leith a shoiléiriú. Thug sé faoi deara chomh maith gur thaispeáin an chóip de P60 ar comhad 52 íocaíocht ASPC d'aicme S1 (féinfhostaithe) ach gur dúradh ar an bhfoirm iarratais morgáiste gur fostaí ar tuarastal a bhí ann. Lena chois sin, ina iarratas morgáiste sa bhliain 2007, dúirt an t-achomharcóir go raibh teacht isteach ráthaithe de €47,000 sa bhliain aige agus go raibh sé ag obair leis an gcuideachta ar feadh dhá bhliain um an dtaca sin. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire nár thacaigh an fhianaise dhoiciméadach leis na dearbhuithe seo. Mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh amhras ann maidir le bailíocht an eolais a soláthraíodh mar thaca leis an iarratas morgáiste. Cé gur ghlac sé leis go ndéanfadh an t-achomharcóir gach iarracht a thuilleamh féideartha a uasmhéadú mar thaca lena iarratas morgáiste, dúirt sé nár mhiste dó a bheith aireach ar an gconradh a bhí sé ar tí a dhéanamh. Ina dhiaidh sin arís, d'iarr agus fuair an t-achomharcóir €60,000 sa bhreis ar an morgáiste a bhí aige leis an iasachtóir eile agus ní raibh aon fhianaise tacaíochta ann go raibh an iasacht bhreise seo riachtanach chun a theach féin a thógáil. Ar deireadh, d'admhaigh an t-achomharcóir nach raibh an morgáiste i riaráiste agus go raibh ag éirí leis aisíocaíochtaí d'ús amháin a dhéanamh i gcónaí.

Mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh sé deacair aon tátal eile a bhaint as ach go raibh an t-achomharcóir místuama nuair a d'athmhorgáistigh sé, ó níor léirigh a theacht isteach don bhliain 2007 an leibhéal tuillimh a bhí tuartha aige sa bhliain 2006. Ba í a thuairim dheiridh ná go raibh sé réasúnta

d'FSS an tátal a bhaint as gur tógadh amach an morgáiste ag tráth nuair ba léir nach raibh ar chumas an achomharcóra na haisíocaíochtaí a dhéanamh.

An Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc.

4 Liúntas Leasa Forlíontach (Forlíonadh Ús Morgáiste)

An tSaincheist: Cibé, mar eisceacht, an bhféadfaí Forlíonadh Ús Morgáiste a dheonú ar feadh tréimhse bliana ainneoin go sáraíonn an t-ús morgáiste is iníoctha ag an achomharcóir méid a mheastar a bheith réasunta chun freastal dá riachtanais tithíochta agus riachtanais eile.

An Cúlra: Bhog an t-achomharcóir, a bhean agus a mbeirt leanaí go hÉirinn sa bhliain 2008 tar éis post a fháil anseo. Roimhe sin, chuir sé a theach sa RA ar an margadh ach níorbh fhéidir é a dhíol, fiú tar éis an praghas a ísliú. Nuair a tháinig an teaghlach go hÉirinn, fuair siad cóiríocht ar cíos agus d'fhéach an t-achomharcóir leis an gcíos agus na haisíocaíochtaí morgáiste a íoc as a thuarastal. Nuair nach bhféadfaí an teach sa RA a dhíol, lig siad é ar cíos agus fuair tionónta a d'íoc £850 sa mhí. Ach d'fhág sin iarmhéid de €250 le híoc. Cheannaigh an t-achomharcóir teach in Éirinn ar €340,000 agus bhí íocaíocht d'ús morgáiste de €335.00 sa tseachtain le déanamh aige. Nuair a chaill an t-achomharcóir a phost sa bhliain 2008, rinne sé iarratas ar Shochar Cuardaitheora Poist agus ar Fhorlíonadh Ús Morgáiste. Diúltaíodh an Forlíonadh Ús Morgáiste dó ar an mbonn gur sháraigh an t-ús seachtainiúil an t-uasmhéid a bhí ceadaithe do theaghlach den uimhir sin. Dícheadaíodh an t-achomharc a rinne sé chuig FSS maidir leis an gcinneadh sin.

Éisteacht ó Bhéal: Dúirt an t-achomharcóir go raibh tuarastal an-mhaith aige roimh an mheathlú eacnamaíochta agus nár dheacair dó, mar sin, an morgáiste a bhí faighte aige a íoc. Ba í a argóint ná go raibh sé neamhchothrom nár cháiligh sé le haghaidh cúitimh i bhfoirm Forlíonta Ús Morgáiste. Thuairiscigh sé nach raibh a mhorgáiste i riaráiste go fóill mar gur shocraigh sé saoire ó íocaíochtaí lena iasachtóir. Dúirt sé chomh maith go raibh sé ag lorg fostaíochta agus gur shroich sé an tríú hagallamh i gcás poist ar leith agus go raibh sé dóchasach mar gheall ar a ionchais.

Breithniú an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire iarrachtaí an achomharcóra chun leanúint air ag déanamh aisíocaíochtaí agus go háirithe go raibh saoire ó aisíocaíochtaí socraithe aige agus go raibh sé ag déanamh a dhíchill chun post a fháil. Sna tosca sin, ba í tuairim an Oifigigh Achomhairc ná go bhféadfaí forlíonadh a cheadú ar bhonn eisceachtúil go ceann tréimhse bliana, ainneoin go sáraíonn méid an úis mhorgáiste is iníoctha an ráta cuí do theaghlach den uimhir sin.

An Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc.

5 Sochar Díobhálacha Ceirde

An tSaincheist: Cibé arbh í galar forordaithe a tholg sé de dheasca nádúr a fhostaíochta inárachais ba chúis le héagumas chun oibre an achomharcóra.

An Cúlra: Bhí an t-achomharcóir fostaithe ag údarás áitiúil ar feadh ceithre bliana. Bhí sé féin agus beirt eile freagrach as cothabháil roinnt reiligí, a raibh lomadh féir i gceist leis. D'úsáid sé speal láimhe sa chéad bhliain agus ní raibh aon fhadhb aige. Sa dara bliain d'úsáid sé ciumhaisire cumhachta a rinne deanach den fhéar agus a chruthaigh ceo. Tholg sé breoiteacht riospráide, a diagnóisíodh mar 'Scamhóg Feirmeora', mar thoradh, dar leis, ar nádúr na fostaíochta inárachais. Rinne sé éileamh ar Shochar Díobhálacha Ceirde agus atreoraíodh a chás chuig an Phríomh-Chomhairleoir Liachta, a mheas nárbh é nádúr na fostaíochta inárachais ba chúis lena bhreoiteacht. Ar bhonn na comhairle sin, dícheadaigh an tOifigeach Breithiúnachta a éileamh.

Éisteacht ó bhéal: Tháinig an t-achomharcóir i láthair i bhfochair a dhlíodóra. Dúirt sé gur tholg sé 'Scamhóg Feirmeora' fad a bhí sé fostaithe ag an údarás áitiúil. Dúirt sé go raibh sprae tais á bhualadh san aghaidh an t-am ar fad i gcaitheamh dhá cheann de shamhraí fliucha. Dúradh leis ina dhiaidh sin go raibh fungais in íochtar an fhéir fhliuch agus gur análaigh sé na cáithníní toisc gur thiomáin oibriú an chiumhaisire aníos agus amach san aer iad.

D'oibrigh an t-achomharcóir ar fheirm a mhuintire ó bhí sé 16 bliain d'aois. D'fhiafraigh an tOifigeach Achomhairc de cén fáth ar chreid sé gur tholg sé an bhreoiteacht fad a bhí sé ag obair ar son an údaráis áitiúil, seachas ar an bhfeirm. Mhínigh an t-achomharcóir nach raibh aon fhadhb riospráide aige go dtí gur thosaigh sé ag baint úsáide as ciumhaisire cumhachta ina fhostaíocht inárachais. Dúirt sé gur tugadh masc cosanta dó sa bhliain 2003 agus nach raibh aon chomharthaí nua breoiteachta air ó shin. Thuairiscigh sé gur

fhreastail sé ar dhochtúir comhairleach riospráide a bhí den tuairim go raibh 'Scamhóg Feirmeora' de chineál neamhchoitianta air, mar thoradh ar a hipiríogaireacht d'fhungais, agus go bhfeictear comharthaí ar dhuine tar éis dó/di a bheith ag obair le sadhlas nó le féar tais.

Breithniú an Oifigigh Achomhairc: Ní raibh aon amhras ar an Oifigeach Achomhairc ach go raibh 'Scamhóg Feirmeora' tolgtha ag an achomharcóir. Ba í an tsaincheist a bhí le cinneadh ná cibé -

a) arbh í a shlí bheatha ba chúis leis, agus

b) an bhféadfaí breathnú ar a shlí bheatha mar shlí bheatha fhorordaithe mar atá leagtha síos sa reachtaíocht.

Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur bhain tuairim an Phríomh-Chomhairleora Liachta le gearradh féir úir a bhí ag fás seachas le gearradh ábhair lofa mhúscánaigh. Dheimhnigh an dochtúir comhairleach nach ionanálú féir úir a bheadh mar chúis leis, ach ionanálú aon ábhair a bhí ag lobhadh, amhail ithir nó fungas díshocraithe. Chuir an fhianaise a bhí ar fáil i bhfios nár gearradh an féar sna reiligí go rialta; mar sin, ba chosúil le féar tirim an féar go minic agus d'fhéadfadh sé a bheith múscánach in íochtair. Mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh sé dóchúil gurb é oibriú an chiumhaisire a dhíshocraigh an múscán agus a thiomáin aníos agus amach ar an aer é. Toisc gur léirigh an fhianaise nach raibh masc ag an achomharcóir níl aon amhras ach gur ionanálaigh sé na cáithníní aeriompartha.

Maidir leis an gcéad cheist, mheas an tOifigeach Achomhairc cé go bhféadfadh sé gur tholg an t-achomharcóir an bhreoiteacht ón fheirmeoireacht, chiallaigh an fhianaise mar gheall ar thús na breoiteachta agus fhorbairt an ghalair go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh chomh maith céanna ar a chuid oibre sa reilig. Maidir leis an dara ceist, mheas an tOifigeach Achomhairc go bhféadfadh fostaíocht an achomharcóra a áireamh faoin teideal leathan de thalmhaíocht nó d'obair ghairneoireachta.

An Toradh: Ceadaíodh an t-achomharc.

6 Pinsean Easláine

An tSaincheist: Cibé an bhféadfaí éileamh déanach a shiardhátú ar bhonn eolais a tugadh don achomharcóir.

An Cúlra: Deonaíodh Pinsean Easláine don achomharcóir ón dáta ar a rinne sí a hiarratas i Samhain 2006. Ina dhiaidh sin, d'fhéach sí leis an éileamh a shiardhátú go Lúnasa 2002 mar go raibh sí ag fáil Sochair Bhreoiteachta ag an am agus mheas sí gur thug an Roinn eolas míthreorach di maidir lena roghanna.

I Samhain 2002, i ndiaidh athbhreithnithe ar a héileamh Sochair Bhreoiteachta, fuarthas go raibh an t-achomharcóir inniúil ar obair agus cuireadh deireadh lena híocaíochtaí Sochair Bhreoiteachta. D'achomhairc sí an cinneadh sin agus dúirt an tOifigeach Breithiúnachta léi go bhféadfadh sí éileamh a dhéanamh ar Shochar Cuardaitheora Poist fad a bhí a hachomharc á phróiseáil. Ag deireadh an lae, d'éirigh lena hachomharc agus atosaíodh ar Shochar Breoiteachta a íoc léi.

Maidir leis an gcinneadh diúltú dá hiarratas ar shiardhátú an éilimh ar Phinsean Easláine, ba í argóint an achomharcóra go raibh comhairle an Oifigigh Bhreithiúnachta míthreorach sa mhéid is gurbh í an chiall a bhain sí as ná nach bhféadfadh sí éileamh a dhéanamh ar Phinsean Easláine ag an am sin.

Toisc nach raibh aon chonspóid ann faoi fhíricí an cháis, chinn an tOifigeach Achomhairc an t-achomharc go hachomair.

Breithniú an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur áitigh an t-achomharcóir gur tugadh comhairle mhítheorach di agus go mba cheart a chomhairliú di iarratas a dhéanamh ar an bPinsean Easláine. Chuir sé ráiteas an Oifigigh Bhreithiúnachta san áireamh chomh maith gur cleachtadh caighdeánach é a chomhairliú do dhaoine a fhaightear inniúil ar obair éileamh a dhéanamh ar Shochar Cuardaitheora Poist agus go mbeadh sé neamhchuí sna tosca sin comhairliú do dhuine éileamh a dhéanamh ar Phinsean Easláine.

Ba é breithniú an Oifigigh Achomhairc nach bhféadfaí féachaint ar an gcomhairle a tugadh don achomharcóir mar comhairle mhíthreorach nó claonta agur comhairle réasúnta a bhí ann sna tosca. Ghlac sé go mbeadh sé neamhchuí comhairliú do dhuine a measúnaíodh mar dhuiine atá inniúil ar obair éileamh a dhéanamh ar phinsin a gcaithfidh an t-éilitheoir a bheith éagumasaithe chun oibre chun cáiliú dó. Thug sé dá aire chomh maith go bhféadfadh an t-achomharcóir Pinsean Easláine a éileamh nuair a atosaíodh ar Shochar Breoiteachta a íoc sa bhliain 2003 nó ag uair ar bith roimh éileamh Shamhain 2006.

An Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc.

Aguisín 1:


Cairt Eagraíochta na hOifige Achomharc Leasa Shóisialaigh
Geraldine Gleeson
Stiúrthóir agus Príomhoifigeach Achomhairc
Rúnaíocht
Dan Kavanagh
Leas-Príomhoifigeach Achomhairc
Bainisteoir Oifige
OIFIGIGH ACHOMHAIRC
Joe Bennett
Seamas Bradley
Declan Breen
Niall Cahill
John Carey
John Considine
John Deegan
Tony Fennessy
Mairéad Gaffney
Seán Gaughan
Bridget Goulding
Daniel Harty
Mary Keane
Ken Kelly
Tina Kennedy
Siobhán Logan
Colm McDermott
Denis O'Brien
Brendan O'Leary
John Patton
John Regan
Netta McGowan
Ard Oifigeach Feidhmiúcháin
Riarachán
Riarachán Ginearálta
Comhfhreagras
Bernadette Carty
Ard Oifigeach Feidhmiúcháin
Tacaíocht Oifigigh Achomhairc
Staitisticí
Cothabháil Ríomhaire agus Forbairt
Saoráil Faisnéise
Jack O'Shea
Ard Oifigeach Feidhmiúcháin
Seirbhísí Corparáideach
Cóiríocht
Sláinte & Sábháilteacht